IT 27

Faoiseamh Cánach ar Táillí Seirbhíse

ver 11.07

RPC001174_GA_WB_L_1

PAYE
Aon tráth, aon lá

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Réamhrá

Tá faoiseamh ó cháin ioncaim ar fáil do phearsana aonair a íocann táillí seirbhíse le húdaráis áitiúla agus le conraitheoirí neamhspleácha eile. Tugtar faoiseamh ó tháillí seirbhíse a íoctar ina n-iomláine agus in am sa bhliain féilire roimhe sin.

Ní bheidh faoiseamh cánach le fáil ó 1 Eanáir 2012 ar aghaidh i leith táillí seirbhíse a íocadh. D'fhógair an tAire Airgeadais ina Aitheasc faoi Bhuiséad na bliana 2010 an 9 Nollaig 2009 go raibh an faoiseamh seo á chur ar ceal.

Táillí Seirbhíse a cháilíonn le haghaidh faoisimh

Gach táille seirbhíse a íoctar leo seo a leanas:

- Údaráis áitiúla i dtaca le soláthar uisce **tí** a chur ar fáil, bruscar **tí** a bhailiú nó a dhiúscairt, nó séarachas **tí** a dhiúscairt
- Grúpscéimeanna uisce as soláthar uisce **tí**
- Conraitheoirí neamhspleácha as bruscar **tí** a bhailiú nó a dhiúscairt.

Pearsana aonair a cháilíonn le haghaidh faoisimh

- Pearsa aonair (nó a chéile nó a páirtnéir sibhialta, más i gcomhpháirt a ghearrtar cáin) atá faoi dhliteanas táille seirbhíse agus a íocann an táille sheirbhíse ar áitreabh, cáileoidh an duine sin le haghaidh faoisimh

  nó

- D'fhéadfadh duine (m.sh. mac nó iníon atá ina c(h)ónaí go lánaimseartha le tuismitheoir aosta) a íocann an muirear seirbhíse agus atá ina c(h)ónaí ar bhonn lánaimseartha san áitreabh sin a bheith incháilithe le haghaidh an fhaoisimh. I gcás den sórt sin ba cheart an fhoirm éilimh a cheanglaítear leis an mbileog seo a chur isteach in éineacht le mír an tséanta agus í comhlánaithe ag an bpearsa aonair faoi dhliteanas (m.sh. an tuismitheoir aosta).

Méid an fhaoisimh cánach

Tugtar faoiseamh cánach de réir an ghnáthráta cánach ó aon táillí seirbhíse a íoctar (lena n-áirítear "Clibeanna Araide" a cheannach) sa bhliain roimhe sin. Mar shampla, má d'íoc pearsa aonair táillí seirbhíse €240 in 2010 beidh an duine sin i dteideal creidmheas cánach €48 a fháil in 2011 (i.e. €240 x 20% = €48).

Srianta leis an méid faoisimh is féidir a éileamh. Bainfidh na srianta a leagtar amach thíos le méid an fhaoisimh is féidir a éileamh i leith na dtréimhsí seo a leanas:

An Bliain Chánach 2012 agus blianta ina dhiaidh sin

Ní bheidh faoiseamh cánach le fáil ó 1 Eanáir 2012 ar aghaidh i leith táillí seirbhíse a íocadh.

Na Blianta cánach 2007 go 2011 (i gcomhair méideanna a íocadh ó 2006 go 2010)

- Is é €400 uasteorainn iomlán an fhaoisimh ar féidir a éileamh i leith íocaíochtaí ar **mhuirear seasta** (lena n-áirítear muirir ardaithe agus íoc de réir meáchain) agus clibeanna araide a ceannaíodh.

Muirir Seirbhíse a híocadh sa bhliain	Ceadaithe sa bhliain	An Méid Faoisimh
2009	2010	400
2010	2011	400

Coinníollacha le haghaidh faoisimh i leith táillí seirbhíse Údarás Áitiúil

- Ní mór táillí seirbhíse ar an áitreabh lena mbaineann an táille sheirbhíse a íoc ina n-iomláine agus in am don bhliain féilire roimhe sin

  agus

- Ní mór riaráistí ó bhlianta roimhe sin a ghlanadh de réir choinníollacha an údaráis áitiúil.

Coinníollacha i leith táillí seirbhíse Nach Táillí Seirbhíse Údaráis Áitiúla

Ní mór an táille nó na táillí seirbhíse atá i gceist a íoc ina hiomláine nó ina n-iomláine agus in am agus ní mór aon táillí seirbhíse atá dlite le húdarás áitiúil a íoc freisin de réir na dtéarmaí thuas. Mar shampla, más mian le pearsa aonair éileamh a dhéanamh i leith íocaíochta bliantúla sonrach le conraitheoir neamhspleách as bruscar tí a bhailiú, ní mór aon táillí atá dlite le haghaidh seirbhísí tí eile a chuireann an t-údarás áitiúil ar fáil a íoc de réir na gcoinníollacha a leagtar amach san alt roimhe seo.

Conas faoiseamh cánach a éileamh

Tá roinnt slite éagsúla ann chun an t-éileamh seo a éileamh.

- **Idirlíon** - Is féidir leat éileamh a dhéanamh ar an Idirlíon trínár seirbhís **Paye Aon tráth aon lá**. Do bhreis eolais féach ar www.revenue.ie
- **Teachtaireacht Téacs** - **Téacsáil CREDIT uimhir-PSP PIN BIN do tháillí araide** chuig **51829**
  (Is é uimhir PIN a iarrtar an uimhir aitheantais phearsanta a úsáideann tú chun dul isteach in PAYE Aon tráth ,aon lá). Mar shampla, más 1234567A an uimhir PSP atá agat, agus más 654321 an PIN atá agat agus gur íoc tú €200 as táillí araide, níl le déanamh agat ach an téacs seo a sheoladh:
  CREDIT 1234567A 654321 BIN 200 chuig 51829
- **Teileafón** - Téigh i dteagmháil le Sheirbhís Íosghlao PAYE Réigiúnach a bhfuil an uimhir di thíos.
- **Foirm Éilimh** - Comhlánaigh an fhoirm éilimh iniata agus a chur isteach í chuig Oifig Áitiúil na gCoimisinéirí Ioncaim.
- **Srian ama ceithre bliana** - Ní mór éileamh ar fhaoiseamh ó cháin a dhéanamh laistigh de 4 bhliain ó dheireadh na bliana cánach lena mbainnneann an t-éileamh.

Breis Eolais

Eolas ginearálta amháin atá sa bhileog seo. Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil trí chuairt a thabhairt ar www.revenue.ie nó trí ghlaoch a chur ar Sheirbhís Réigiúnach Íosghlao na gCoimisinéirí Ioncaim a bhfuil a huimhreacha liostaithe thíos:

- **Réigiún na Teorann, Lár na Tíre, agus an Iarthair** — **1890 777 425**
  An Cabhán, Muineachán, Dún na nGall, Maigh Eo, Gaillimh, Liatroim, an Longfort, an Lú, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, an Iarmhí
- **Réigiún Bhaile Átha Cliath** — **1890 333 425**
  Baile Átha Cliath (Cathair agus Contae)
- **Réigiún an Oirthir & an Oirdheiscirt** — **1890 444 425**
  Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, an Mhí, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin
- **Réigiún an Iardheiscirt** — **1890 222 425**
  An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach

Tabhair faoi deara gur féidir go nathraíonn na rátaí a ghearrtar chun uimhreacha 1890 (Íosghlao) a úsáid ó sholáthróir seirbhíse go chéile. Má tá tú ag glaoch ó áit lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, cuir glao ar +353 1 702 3011.

Inrochtaineacht - Más duine le míchumas tú agus go dteastaíonn an bhileog seo uait I bhformáid eile, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Rochtanna na gCoimisinéirí Ioncaim ag accessofficer@revenue.ie

Tá an bhileog seo ceaptha le cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht inti gach ceist a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar a chlúdú. Níl sé ceaptha bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní féidir glacadh le haon dliteanas a tarraingíodh nó caillteanas a fulaingíodh toisc go rabhthas ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Na Coimisinéirí Ioncaim
Iúil 2011